



## Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2008

### MATAMAITIC – BONNLEIBHÉAL

PÁIPÉAR 1 (300 marc)


DÉ hAOINE, 6 MEITHEAMH – MAIDIN 9:30 go dtí 12:00

Freagair **CEIST 1** (100 marc) agus **CEITHRE** cheist eile (50 marc an ceann).

**RABHADH:** Caillfear marcanna mura dtaispeántar go soiléir an obair riachtanach go léir.

Ba chóir na haonaid tomhais chuí a lua sna freagraí, nuair is ábhartha iad.

1. (i) Faigh  $\sqrt{87.32}$ , ceart go dtí dhá ionad dheachúlacha.
- (ii) Faigh an luach beacht ar  $(4.2)^2 - (3.6)^2$ .
- (iii) Faigh  $(3.1)^2 - \frac{1}{(3.1)}$ , ceart go dtí ionad deachúlach amháin.
- (iv) Faigh an luach beacht ar  $17.2 - 6.4 \times 2.81$ .
- (v) Tá 500 suíochán i bpictiúrlann. Oíche amháin, bhí 200 suíochán folamh. Cén céatadán de na suíocháin a bhí gafa?
- (vi) Agus tú ag glacadh leis an ráta malaирte  $\text{€}1 = 9.272$  Krona Sualannach, faigh an luach ina euro ar 700 Krona Sualannach.
- (vii) Roinneadh duais €300 idir an chéad áit agus an dara háit sa chóimheas 3:2. Cé mhéad a fuair gach duine acu?
- (viii) Faigh an luach beacht ar  $\frac{167.3}{\sqrt{12.25}}$ .
- (ix) Faigh  $\frac{(5.78 \times 10^9) - (3.46 \times 10^5)}{4.32 \times 10^4}$ , ceart go dtí trí fhigiúr bhunúsacha.
- (x) Faigh  $\frac{47.3 - 8.9}{3.25 \times 1.47}$ , ceart go dtí dhá ionad dheachúlacha.

2. (a) (i) Athraigh 750 cm ina méadair.  
(ii) Athraigh 2·56 kg ina ngraim.
- (b) Is iad seo a leanas na táillí a bhaineann le bille teileafóin Héilin gach mí:
- |                         |                    |
|-------------------------|--------------------|
| Táille sheasta:         | €10                |
| Táillí glaonna:         |                    |
| An chéad 40 nóiméad:    | 25 cent an nóiméad |
| Nóiméid sa bhréis:      | 15 cent an nóiméad |
| Teachtaireachtaí téacs: | 12 cent an ceann   |
- 
- I mí an Mhárta, chaith Héilin 60 nóiméad ar ghlaonna agus chuir sí 30 teachtaireacht téacs amach.
- (i) Ríomh an táille iomlán ar a cuid glaonna teileafón uile.
  - (ii) Ríomh an táille ar a cuid teachtaireachtaí téacs.
  - (iii) Ríomh bille Héilin, tar éis CBL ar 21% a shuimiú leis na táillí uile thuas. Bíodh do fhreagra ceart go dtí an cent is gaire.
- (c) Tuilleann Seán €11 in aghaidh na huaire agus oibríonn sé ar feadh 40 uair an chloig gach seachtain. Is é 20% a ráta cánach agus tá €50 sa tseachtain de chreidmheasanna cánach aige.
- (i) Ríomh an cháin a bheidh le híoc ag Seán.
  - (ii) Íocann Seán ÁSPC freisin, ar ráta 4% dá thuarastal seachtainiúil comhlán. Ríomh pá glan seachtainiúil Sheáin.
3. (a) Ba é €600 000 an meastachán ar na costais a bhain le halla pobail a thógáil. Ba é €750 000 an fiorchostas.
- (i) Faigh an earráid sa mheastachán.
  - (ii) Faigh an earráid chéatadánach.
- (b) Déantar €4000 a infheistiú ar feadh trí bliana ar ráta 2·5% sa bhliain, ús iolraithe. Faigh luach na hinfheistíochta ag deireadh na dtrí bliana, ceart go dtí an cent is gaire.
- (c) Tagann dímheas ar ríomhaire ar ráta 20% sa bhliain. Ag deireadh na chéad bhliana is é €656 an luach atá ar ríomhaire.
- (i) Faigh luach an ríomhaire nuair ba cheann nua é?
  - (ii) Cad é an luach a bheidh ar an ríomhaire ag deireadh an tríú bliain? Bíodh do fhreagra ceart go dtí an euro is gaire.
- 

4. (a) Réitigh le haghaidh  $x$ :  $5x - 2 = 3x + 14$ .

(b) Réitigh na cothromóidí comhuaineacha

$$\begin{aligned}3x - 4y &= 8 \\x + 2y &= 16.\end{aligned}$$

(c) Cheannaigh Ailéin, Barra agus Colm ticéad an duine do cheolchoirm.

D'ioc Barra €5 níos mó ná Ailéin as a thicéad.

D'ioc Colm dhá oiread an mhéid a d'ioc Barra.

Chosain ticéad Ailéin €x.

(i) Scríobh slonn in  $x$  don phraghas a d'ioc Barra.

(ii) Scríobh slonn in  $x$  don phraghas a d'ioc Colm.

(iii) Agus tú ag glacadh leis gurb é €95 an t-ionmlán a d'ioc an triúr cairde, cé mhéad a d'ioc Ailéin?

5. (a) (i) Liostaigh na chéad chúig iolraí de 3 agus liostaigh na chéad chúig iolraí de 4.

(ii) Uайдh sin, nó ar shlí eile, scríobh síos an comhiolraí is lú atá ag 3 agus 4.

(b) (i) Réitigh an chothromóid chearnach  $x^2 + 4x + 3 = 0$ .

(ii) Réitigh an chothromóid chearnach  $2x^2 - 9x + 6 = 0$ , ceart go dtí dhá ionad dheachúlacha.


(c) (i) Réitigh  $3x - 2 \leq 17$ ,  $x \in \mathbf{N}$ .

(ii) Réitigh  $5 - 2x \leq 1$ ,  $x \in \mathbf{N}$ .

(iii) Scríobh síos na luachanna ar  $x$  a shásóidh an dá éagothromóid thusa.

6. Caitheann mac léinn a cuid ama shaoir sa bhaile ag féachaint ar an teilifís agus ag éisteacht le ceol. Taispeánann an chairt a leanas an méid ama ina nóiméid a chaith an mac léinn seo ar na gníomhaíochtaí sin seachtain ar leith.

Mar shampla, chaith sí 50 nóiméad Dé hAoine ag féachaint ar an teilifís agus 30 nóiméad ag éisteacht le ceol.



- (i) Cén lá ar chaith sí an méid ama ba lú ag féachaint ar an teilifís?
- (ii) Cén lá ina raibh an difríocht ba mhó idir an méid ama a chaith sí ag féachaint ar an teilifís agus an méid ama a chaith sí ag éisteacht le ceol?
- (iii) Cad iad na laethanta ar chaith sí níos mó ná dhá uair an chloig san ionlán ag féachaint ar an teilifís agus ag éisteacht le ceol?
- (iv) Cad é an meán-am in aghaidh an lae a chaith sí ag féachaint ar an teilifís an tseachtain sin?
- (v) Cé mhéad ama sa bhreis dá cuid ama shaoir a chaith sí ag féachaint ar an teilifís seachas ag éisteacht le ceol an tseachtain sin?

## 7. Tarraing graf na feidhme

$$f : x \rightarrow 2x^2 - 3x - 5, \text{ le haghaidh } -2 \leq x \leq 3, x \in \mathbf{R}.$$

Bain feidhm as do ghráf chun meastachán a dhéanamh orthu seo:

- (i) íoslúach  $f(x)$
- (ii) luach  $f(-0.5)$
- (iii) fréamhacha  $f(x)=0$
- (iv) an raon luachanna ar  $x$  ar fior ina leith go bhfuil  $f(x)$  ag laghdú.

## **FOIRMLÍ DO PHÁIPÉAR 1**

Ús agus Dímheas Iolraithe:

$$I = B \left(1 \pm \frac{r}{100}\right)^n; \quad B = \frac{I}{\left(1 \pm \frac{r}{100}\right)^n}.$$

Is iad seo réitigh na cothromóide cearnaí  $ax^2 + bx + c = 0$

$$x = \frac{-b \pm \sqrt{b^2 - 4ac}}{2a}$$